Docusign Envelope ID: BB0D4429-969A-4445-A8C6-07E7D75AA1B6

# Teilifís na Gaeilge

## Cruinniú 24 Meitheamh 2024

TG4, Baile na hAbhann

**Miontuairiscí**

**Tinreamh**

Bhí Aedín O'Leary agus Sonia Nic Giolla Easbuig ar zoom agus na comhaltaí eile i mBaile na hAbhann.

1. **Fáilte**
   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí.

2. **Deimhniú Leas Pearsanta**
   Dheimhnigh na comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa seachas an méid a bhí tugtha le fios don Rúnaí roimh an chruinniú.

3. **Miontuairiscí**
   Glacadh le miontuairiscí Mhí Aibreáin.

4. **Gnó ag éirí as na Miontuairiscí**
   Ní raibh aon ghnó ag eirí as na Miontuairiscí.

5. **Tuairisc an Ard-Stiúrthóra**

5.1 **Rialtas, Roinn, Coimisiún na Meán agus RTÉ**

*5.1.1* *Cruinniú leis an Aire:* Dúradh go raibh cruinniú ag an Chathaoirleach leis an Aire ar an 29 Bealtaine. Luadh go raibh cruinniú freisin idir feidhmeannaigh TG4 agus an Roinn TCEGSM ar an 20ú Meitheamh agus gur pléadh an Aighneacht Réamhbhuiséid.

*5.1.2* *Coimisiún na Meán:* Dúirt an tArd-Stiúrthóir go raibh cruinniú idir TG4 agus CnaM ar an 10ú Bealtaine chun ceist Nuacht TG4 a phlé. Dúradh go raibh plé ar bhunphrionsabail Neamhspleáchas Eagarthóireachta, agus ar na ceisteanna a bhí fós le réiteach.

Docusign Envelope ID: BB0D4429-969A-4445-A8C6-07E7D75AA1B6

Dúirt an tArd-Stiúrthoir gur iarradh cóip den tuairisc faoin seirbhís Nuachta, a bhí coimisiúnaithe ag CnaM agus gur achoimre feidhmiúcháin a cuireadh ar fáil.

Dúradh go raibh cruinniú ag TG4 le CnaM ar an 23 Bealtaine mar a raibh plé dearfach maidir léirmheas bliantúil ARPPF agus plé ar an Aighneacht Réamhbhuiséid. Cuireadh aguisín breise ar fáil do CnaM, théis an chruinnithe, mar achoimre ar luach breise a bhain le infheistiú i TG4.

Tugadh le fios gur tháinig roinnt ceisteanna breise ó Communications Chambers, comhairleoirí CnaM maidir leis an ARPPF. Dúradh go raibh cruinniú ag TG4 le Communications Chambers maidir le fís TG4 don seirbhís Nuachta.

Luadh go mbeadh TG4 ag míniú straitéis na heagraíochta do pholaiteoirí sa samhradh agus go raibh bileog eolais faoin Aighneacht Réamhbhuiséid curtha le chéile chuige seo.

*5.1.3 RTÉ & An Rialtas:* Dúirt an tArd-Stiúrthóir go raibh gach cosúlacht air go ndéanfar cinneadh go luath faoin mheicníocht a bheidh ann maidir le maoiniú na Meán Seirbhíse Poiblí, agus gur dóichí gur faoin chéad rialtas eile a bheidh é a chur i bheidhm

**5.2 Coimisiúnú, Eagarthóireacht, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíocht, Cartlann.**

*5.2.1 Gradam Ceoil TG4:* Bronnadh na Gradaim Cheoil do 2024 ag ócáid i Luimneach ar an 05 Bealtaine. B'iad Derek Hickey Ceoltóir na Bliana agus Macdara Ó Faoláin Ceoltóir Óg na Bliana. Bronnadh Cumadóir na Bliana ar Ryan Molloy, an Gradam Saoil ar Jean Butler agus Amhránaí na Bliana ar Eoghan Ó Ceannabháin. B'iad na deirfiúracha Kane as Leitir Fraic Grúpa na Bliana agus bronnadh Gradam Comaoine na Bliana ar Chairdeas na bhFidiléirí.

*5.2.2 Comórtas Peile na Gaeltachta:* Dúirt an tArd-Stiúrthóir go raibh TG4 i gcroílár Chomórtas Peile na Gaeltachta i gCill na Martra agus go raibh clúdach leathan ar na cluichí agus ón ócáid.

Docusign Envelope ID: BB0D4429-969A-4445-A8C6-07E7D75AA1B6

5.2.3 *Amuigh 2024:* Dúradh gur éirigh go maith leis an ócáid a reachtáladh do dhaoine óga ar an Tulach mar chuid de Chruinniú na nÓg 2024, i bpáirt le Éire Ildánach. D'fhreastail os cionn 1200 duine ar an ócáid.

5.2.4 *Vóta 2024:* Tréaslaíodh le foireann Vóta 2024 as an gclúdach cuimsitheach a déanadh ar na toghcháin Eorpacha agus áitiúla. Dúradh gur deis a bhí ann le múnla a chruthú don chlúdach ar an Olltoghchán amach anseo.

5.2.5 *Féile na Meán Ceilteach:* Dúradh go raibh rath ar Fhéile na bliana seo i gCaerdydd. Théis 5 bliana mar chathaoirleach ar an bhFéile, thainig deireadh le tréimhse an Ard-Stiúrthóra ar an mBord. Dúradh gurb í Áine Walsh a bheadh ina Cathaoirleach ar an bhFéile don chéad tréimhse eile agus go mbeadh an Stiúrthóir Margaíochta mar ionadaí ar an mBord thar cheann TG4.

5.2.6 *Lucht Féachana:* Míníodh gur thit an sciar náisiúnta faoi 2% i Mí Aibreáin, ach go raibh ardú arís i Mí na Bealtaine agus an mhí sin níos fearr ná mar a bhí le cúpla bliain anuas.

5.2.7 *Cláracha:* Tugadh achoimre ar chuid de na cláir agus sraitheanna nua a thosaigh ar TG4 agus ar Cúla4 le 2 mhí anuas, ina measc Ar Iarraidh, Taoscadh ón Tobar, Rásaí Beo, Campa Fiáin, Aonaracht, Ceol ón Earagail, Ár mBealaí Ceilteacha, Pobal Chois Fharraige, agus Scéalta na gCorn.

5.2.8 *Comhlíonadh Rialachais:* Dúradh go raibh Eagarthóir Coimisiúnaithe nua ceapaithe atá ag plé le comhlíonadh rialachais i dtaca le cláracha, agus athbhreithniú á dhéanamh aici ar na cleachtais agus polasaithe comhlíonta atá ag TG4. Dúradh go raibh uasdátú á dhéanamh ar an gcur chuige maidir le déileáil le gearáin, i gcomhthéacs na n-athruithe reachtaiochta a tháinig i bhfeidhm le bunú CnaM i Mí Mhárta.

5.2.9 *Tograí Eorpacha:* Tugadh uasdátú ar thogra Transmixer, togra píolótach maidir le h-úsáid AR / VR / XR i gcomthéacs Nuachta. Ag eirí as an togra seo, míníodh go raibh TG4 freisin páirteach i dtogra a bhaineann leis an gclár IBC Accelerator.

Dúradh go raibh TG4 ag glacadh páirte i dtogra ALT-EDIC (Alliance for Language Technologies), ar cuireadh on Roinn TCEGSM. Is togra trí bliana í seo a fhéachann leis an ghanntanas sonraí teanga Eorpaí chun eolas a dhéanamh do réitigh intleachta saorga (AI / IS).

**5.3 Acmhainní Daonna, conarthaí, dlí agus cúrsaí foirne.**

*5.3.1* *Cúrsaí Foirne:* Dúradh go raibh agallaimh ar bun le Intéirnigh nua do 2024 / 2025 a roghnú agus go raibh éileamh mór ar an scéim. Tugadh le fios go raibh postanna fógartha freisin do Eagarthóir / Léiritheoir Margaíochta (clúdach Saoire Mháthrachais), do Bhainisteoir Cruthaitheach (clúdach saoire Mháthrachais) agus do Oifigeach Rialachais Chorparáidigh. Míníodh go mbeadh post buan d'Eagarthóir Coimisiúnaithe le fógairt mar go bhfuil deireadh ag teacht le conradh 2 bhliain duine de na hEagarthóirí reatha.

*5.3.2* *Inbhuanaitheacht:* Tugadh le fios go raibh cruinnithe leanúnacha ar siúl le grúpaí oibre in TG4 leis an bplean gníomhaíochta agus struchtúr feidhmíochta don Straitéis Inbhuanaithe a chur in áit.

**5.4 Miontuairiscí**

Roinneadh miontuairiscí na gcruinnithe Ard-Bhainistíochta leis an mBord.

**6. Gnó an Chathaoirligh**

6.1 *Féile na Meán Cheilteach:* Rinne an Bord tréaslú leis an Ard-Stiúrthóir as an méid a bhain sé amach le linn a thréimhse mar chathaoirleach ar an Fhéile agus guiodh gach rath ar an gcathaoirleach nua.

Tréaslaíodh le foireann léirithe na gclár de chuid TG4 a bhain amach gradaim ag an bhFéile, *Reds na hÉireann* (gradam: Clár Staire) agus *Lyra* (gradam: fadfhaisnéis). Déanadh comhgháirdeas freisin leis na léiritheoiri Gaeltachta Cathal Ó Cuaig (a fuair gradam Spioraid na Féile don chlár *Viva Mary*) agus le Paddy Hayes, (as gradam don tSraith Drámaíochta *Obituary*).

Tugadh moladh do Niamh Ní Chróinín ó Cúla4 a ghlac páirt sa phainéal cainte 'Where are the Kids?'.

6.2 *Cruinniú leis an Aire:* Thug an Cathaoirleach le fios go raibh cruinniú an-dearfach aici leis an Aire ar an 29 Bealtaine. Dúirt sí go raibh an tAire an-mholtach faoi TG4. Dheimhnigh an Cathaoirleach go raibh éiginnteacht ann fós maidir le ceist na Nuachta agus go rabhthas ag fanacht le moltaí ó Choimisiún na Meán.

6.3 *Fógra Folúntais*: (D'fhág an tArd-Stiúrthóir an cruinniú don mhír seo)

Docusign Envelope ID: BB0D4429-969A-4445-A8C6-07E7D75AA1B6

Dheimhnigh an Cathaoirleach go raibh socrúcháin á ndéanamh maidir le folúntas do Ard-Stiúrthóir TG4 a fhógairt sa bhFómhar agus go mbeadh súil ceapachán a bheith déanta go luath in 2025.

6.4 Téarmaí Tagartha: Ghlac an Cathaoirleach buíochas leis na comhaltaí as an aiseolas ar na Téarmaí Tagartha. I gcomhthéacs na n-athruithe ar an rialachas corparáide, dúirt sí go raibh sí le iarraidh ar DHKN athbhreithniú a dhéanamh ar na Téarmaí Tagartha ginearálta don Bhord.

6.5 Measúnú Boird:
Dheimhnigh an Cathaoirleach go mbeadh cuid 2 den chruinniú faoin Mheasúnú Boird ar siúl ar an 25/06.

Thug sí le fios go mbeadh deis ag an Bhord casadh le Léiritheoirí Neamhspleacha ag Seoladh Sceideal an Fhómhair ar an 9ú Meán Fómhair agus go socrófaí cuairt a thabhairt ar Chomhlacht Léirithe mar chuid den chruinniú Boird 2 uair in aghaidh na bliana.

6.6 Coistí Boird
Dhearbhaigh an Cathaoirleach ballraíocht na bhfo-choistí Boird. Dúirt sí go ndéanfaí athbhreithniú arís ar bhallraíocht na gcoistí faoi cheann bliana. Seo a leanas an bhallraíocht atá ar na coistí:

**Coiste Ceadú Clár** (gach comhalta seachas na daoine atá gníomhach san earnáil).

**Coiste Luach Saothair:** Anna Ní Ghallachair (Cathaoirleach) Seán Ó Cuirreáin agus Éamonn Ó hArgáin

**Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**: Seán Ó Cuirreáin (Cathaoirleach), Anna Ní Ghallachair, Mairéad Ní Nuadháin, Aedín O'Leary, Éamonn Ó hArgáin agus Róise Ní Bhaoill (comhairleoir seachtrach)

**Coiste Branda**: Róisín Ní Raighne (Cathaoirleach), Siobhán Ní Ghadhra agus Muireann Ní Chíobháin

**Coiste Digiteach**: Darach Ó Tuairisg (Cathaoirleach), Seán Ó Domhnaill agus Sonia Nic Giolla Easbuig

**Coiste Nuachta**: Mairéad Ní Nuadháin (Cathaoirleach), Seán Ó Domhnaill, Seán Ó Cuirreáin

**Comhairle Lucht Féachana:** Sonia Nic Giolla Easbuig (Cathaoirleach) agus Muireann Ní Chíobháin

Docusign Envelope ID: BB0D4429-969A-4445-A8C6-07E7D75AA1B6

**7. Cuntais Mhí na Bealtaine 2024**

Thug an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar Chuntais TG4 ag deireadh Mhí na Bealtaine. Thug sí cuntas ar Chaiteachas, Ioncam Tráchtála, Fiachóirí & Fabhraithe don mhí mar aon le Costais Chaipitil go dáta.
Glacadh leis na cuntais.

Ceistíodh na h-impleachtaí a bheadh don earnáil léiriúcháin agus do TG4 ag eascairt as an *Platform Workers Directive*. Dúradh go raibh an cheist á hardú ag comhlachtaí léirithe. Thug an Stiúrthóir Airgeadais le fios go raibh comhairle iarrtha ar PWC maidir leis seo agus é pléite leis an Roinn freisin ag an gcruinniú leo i mí Mheitheamh.

**8. Tuarascáil Bhliantúil 2023**

8.1 Cuireadh Tuarascáil Bhliantúil 2023 ar fáil don bhord. Dúradh go raibh an t-iniúchadh beagnach críochnaithe agus nach raibh súil le aon athruithe. Dúradh go mbeadh teastas an iniúchta (audit cert) curtha ar fáil nuair a bheidh na cuntaisí sínithe agus go rabhthas ag súil le tuairisc ghlan.

Cuireadh cóip den litir uiríll agus an litir chuig an Aire ar fáil chomh maith.

Moladh cúpla mionleasú ar an fhoclaíocht sa Tuarascáil.
Cheadaigh an Bord an Tuarascáil agus an litir.

**9. Aighneacht Réamhbhuiséid**

Cuireadh cóip den Aighneacht Réamhbhuiséid a bhí dáilithe ar an 22 Bealtaine ar fáil arís don Bhord, mar aon le leagan achoimreach a bheidh ar fáil mar chaipéis eolais.

**10. Tuairisc Lucht Féachana**

Tugadh tuairisc ar an Lucht Féachana le linn Mhí na Bealtaine 2024. Tháinig méadú ar sciar an lucht féachana seachas mar a bhí an tráth seo anuraidh. Bhí sciar 3% ag TG4 sa bpríomham féachana le linn na míosa.

Bhí trácht chuig cluichí Rugbaí Beo, An Craobh Iomána faoi 20, ag Ceol Tíre agus ag sraith na Contractors. I measc an Chroílucht Féachana, bhi aird ar Gradam Ceoil agus ar chláracha Faisnéise ceoil mar Sé Mo Laoch, Slí na mBeaglaíoch agus Taoscadh ón Tobar.

Docusign Envelope ID: BB0D4429-969A-4445-A8C6-07E7D75AA1B6

Ar an Seinnteoir, b'iad Gradam Ceoil, Contractors agus Ros na Rún na cláracha ba mhó tóir, mar aon leis an mbeochraoladh ar Rugbaí Beo agus GAA Beo.

Ar na meáin shóisialta, bhí mír ón Ghradam Ceoil le Jean Butler, mír ó Cúla4 le láithreoirí óga ag cluiche Rugbaí Beo agus míreanna ar chuairt Mholscéal ar Galicia na Spáinne. Tugadh eolas ar lucht féachana TG4 Foghlaim.

**11. Tuairisc ó na Fo-Choistí Boird**

11.1 **An Coiste Nuachta.**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar dhá chruinniú a bhí ag an Choiste Nuachta.

Ag cruinniú an Choiste ar an 22/04 dúradh gur thug an Ceannasaí Nuachta dianscagadh ar chaipéis ó CnaM. Ghlac an Coiste d'aonghuth le dhá rún a bhí le cur os comhair an Bhoird agus a d'aontaigh an Bord leo. Dúradh gur thug an Stiúrthóir Teicneolaíochta agus an Stiúrthóir Oibríochtaí cur i láthair don Choiste freisin maidir le impleachtaí Teicneolaíocha agus Foirne a bheadh i gceist leis an scaradh Nuachta.

Ag cruinniú Coiste an 16/05, tugadh tuairisc don Choiste maidir le cruinniú a bhí ag TG4 le CnaM ar an 10 Bealtaine.

11.2 **An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**.

Thug Cathaoirleach an Choiste tuairisc ar chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhí ann ar 23/04/24

Dúradh gur aontaíodh plean d'iniúchóireachtaí inmheánacha do 2024

Socraíodh na trí réimse ina ndéanfar iniúchóireachtaí le linn 20024, mar atá (1) Feidhm Bainistíochta Riosca, (2) Rialáil Airgeadais (ina mbeadh riaradh an chaiteachais ar chearta agus ar chraoladh spóirt san áireamh) agus (3) Slainte agus Sábháilteacht (ina dtabharfar san áireamh foirgneamh TG4 féin agus dúshláin áirithe a bhaineann leis).

Aontaíodh roinnt leasuithe ar an gcur chuige maidir le Clár Riosca TG4 agus go gcuirfeadh an Ard-Bhainistíocht tuairisc reatha i scríbhinn air ar fáil ag gach cruinniú. -

Docusign Envelope ID: BB0D4429-969A-4445-A8C6-07E7D75AA1B6

Pléadh cur chuige TG4 i leith Idirbhearta Contra (faoina ndéantar malartú ar spás fógraíochta ar TG4 ar son seirbhísí ó chomhlachtaí ar leith) agus aontaíodh go gcuirfear liosta atá ceadaithe cothrom le dáta ar fáil ag gach cruinniú feasta.

Socraíodh go bpléifí ag gach cruinniú feasta aon saincheisteanna suntasacha a bhí tagtha chun cinn ón chruinniú roimhe sin.

Dúradh gur pléadh gnéithe éagsúla de réimse na teicneolaíochta i TG4 leis an Stiúrthóir Teicneolaíochta.

Aontaíodh na tagairtí do chúram a bheith ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i dtaca le dréacht-chuntais agus dréacht-thuarascáil bhliantúil TG4 a aistriú ón gCoiste go dtí an Bord ar fad, agus aontaíodh téarmaí tagartha an Choiste a leasú dá réir.

11.3 **An Coiste Branda**

Thug an Cathaoirleach tuairisc ar chruinniú an Choiste Branda a bhí ann ar 28/05/24.

Tugadh uasdátú ar an obair mhargaíochta atá ar bun leis na comhlachtaí ar bronnadh na conarthaí margaíochta orthu le déanaí (The Tenth Man agus Core Media). Míníodh go mbeadh feachtas 2024 / 2025 ag díriú ar láidriú branda TG4 agus ar Sheinnteoir TG4.

Dúradh go mbeadh ceiliúradh ar bun ar 50 bliain de Pheil na mBan i mbliana agus go mbeadh feachtas TG4 do Pheil na mBan ag tógáil ar a n-aitheantas mar chraoltóir agus urraitheoir na sraithe.

Dúradh go raibh feachtas poiblíochta á réiteach do An Fleadh Cheoil a bheidh ar siúl i Loch Garman. Míníodh go mbeadh béim ar TG4 a bheith feiceálach ar an láthair agus poiblíocht ar na Meáin Shóisialta. Déanadh plé freisin ar na bealaí ar féidir anailís a dhéanamh ar an dearcadh i leith an bhranda i rith na Fleidhe.

Míníodh go mbeadh Feachtas á ullmhú do Sceideal an Fhómhair ar Cúla4

Docusign Envelope ID: BB0D4429-969A-4445-A8C6-07E7D75AA1B6

Dúradh go raibh Feachtas á réiteach le eolas faoi TG4 Foghlaim a scaipeadh níos forleithne i measc scoileanna agus múinteoirí.

**11. Riarachán Boird**

11. 1 Dátaí: tugadh dátaí d'imeachtaí agus cruinnithe an tsamhraidh.

11.2 Fo-choistí Boird: Aontaíodh ballraíocht na bhfo-choistí Boird.

11.3 Téarmaí Tagartha: Aontaíodh Téarmaí Tagartha na bhfo-choistí boird agus Téarmaí Tagartha ginearálta an Bhoird a chur faoi bhráid DHKN le deimhniú.

**12. Gnó Chomhaltaí Boird**

Ní raibh aon ghnó breise.

**13. Aon Ghnó Eile**

**14. Conarthaí Sínithe.**

Cuireadh liosta ar fáil don Choiste Ceadú Conarthaí do na Conarthaí ar luach €200k - €500k a swíníodh idir 10/04/24 – 17/06/24.

**Críoch**

***Síniú*** DocuSigned by: Anna Ní Ghallachair 1915C3940044407 ____________________

***Dáta*** 09-Aug-24 | 12:09 PM BST ____________________